Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Eanáir 2023
(OR. en)

15458/22

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0389(NLE)**

POLCOM 194
COASI 226
ASIE 103

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15457/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe a bunaíodh faoin gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch a mhéid a bhaineann le liosta daoine aonair a bhunú atá toilteanach agus inniúil ar bheith ina saineolaithe agus rialacha nós imeachta le haghaidh an phainéil saineolaithe a ghlacadh<br>- Glacadh |

1. An 29 Samhain 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle (15457/22 + ADD 1).

2. An 2 Nollaig 2022, scrúdaigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an togra agus d'fhormhuinigh siad é, lena n-áirítear roinnt coigeartuithe riachtanacha.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   - an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar leagtar amach in 15459/22 agus in 15459/22 ADD 1 é;

- cinneadh a dhéanamh go n-ordófar an Cinneadh ó Choiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe AE-An tSeapáin, mar a leagtar amach in 15459/22 ADD 1 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a luaithe a ghlacfar é; agus

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig an bParlaimint.